



NÓTAÍ DON MHÚINTEOIR

# TÍREOLAÍOCHT

MODUL

5

LE HÚSÁID I GCOMHAR LE BILEOGA OIBRE 5A GO 5E

## Ceacht 1:

**Snáithe:** Imshaoil Daonna (Daoine agus Pobail).

**Aidhm:** Ba chóir go bhféadfadh na leanaí foghlaim faoin gclub áitiúil CLG agus meas a bheith acu ar na daoine sa phobal a ritheann clubanna agus eagraíochtaí áitiúla.

**Acmhainní:** Bileog Oibre 5A, DVD.

### Gníomhaíochtaí a Mholtar:

1. Pléigh an tábhacht atá le club áitiúil CLG a bheith sa phobal. Ag brath ar an gceantar, d'fhéadfadh daltaí na ranga a bheith ag imirt do chlubanna éagsúla. Foghlaimid na daltaí faoi chlubanna eile CLG ar an mbealach seo. Ba chóir go bhfaigheadh na leanaí tuiscint ar an obair dheonach a dhéanann comhaltaí an chlub. D'fhéadfaidís litir bhuíochais a scríobh chuig bainisteoir na foirne.
2. Úsáid **Bileog Oibre 5A** chun eolas faoi na clubanna áitiúla a bhailiú. Trí chomhtháthú leis an **stair**, d'fhéadfadh na daltaí líne ama a chur le chéile ó bhunú an chlub.

### Cleachtaí Eile:

1. Féach ar bhunús agus ar thábhacht thíreolaíoch ainmneacha na bpáirceanna imeartha áitiúla. Trí chomhtháthú leis an stair, breathnaigh ar aon athrú a d'fhéadfadh a bheith tagtha ar ainmneacha an chlub agus na páirce le himeacht aimsire.
2. Déan liosta de na clubanna sa cheantar agus abair cén baile a théann leis na clubanna éagsúla. Léirigh iad seo ar léarscáil den cheantar.
3. Trí chomhtháthú leis an **matamaitic**, tarraing barrachairt de na daltaí sa rang a imríonn do chlubanna éagsúla.
4. Foghlaim faoi Chluiche Ceannais na gClubanna, a imrítear Lá Fhéile Pádraig.

## Ceacht 2:

**Snáithe:** Imshaoil Daonna (Lárionaid sa chontae, sa réigiún agus sa tír)

**Aidhm:** Ba chóir go mbeadh 32 contae na hÉireann ar eolas ag na daltaí.

**Acmhainní:** Bileog Oibre 5B, ceithre bhosca le hainmneacha na gcuigí scríofa orthu agus léarscáil bhalla den tír.

### Gníomhaíochtaí a Mholtar:

1. Crannchur/Tarraingt Chraobh na hÉireann – gearr amach 32 ainm contae (tá liosta ar fáil ag [www.ceim.gaa.ie](http://www.ceim.gaa.ie)) agus cuir isteach sna boscaí iad de réir cúige. Bíodh tarraingt bhréige agaibh do gach craobh chomórtas cúige. Cuir ainmneacha na gcontaetha sa hata agus tabhair ról do na daltaí e.g. Uachtarán an CLG, láithreoir RTÉ, ionadaí ón urraitheoir etc. Lig do na daltaí an bosca ceart a roghnú do gach contae. D'fhéadfaidís ionad neodrach a roghnú do na cluichí chomh maith níos deireanaí; cinn a roghnú a d'fheilfeadh do na contaetha éagsúla.
2. Bíodh tarraingt eile agat. Faigheann gach dalta contae, agus líonann siad próifíl an chontae ar **Bhileog Oibre 5B**. Tá eolas breise ar fáil ar <http://www.cul4kidz.com> a úsáid chun eolas breise a fháil.



## Ceacht 3:

**Snáithe:** Imshaoil Daonna (Iompar agus Cumarsáid, Lárionaid sa chontae, sa réigiún agus sa tír).

**Aidhm:** Leanáí a chur ar an eolas maidir leis na modhanna éagsúla iompair agus na bealaí iompair atá ar fáil go háitiúil agus go náisiúnta.

**Acmhainní:** DVD agus léarscáil bhalla den tír.

### Gníomhaíochtaí a Mholtar:

1. Pléigh na modhanna éagsúla iompair a úsáideann imreoirí agus lucht tacaíochta foirne agus iad ag taisteal chuig cluichí club agus cluichí scoile. Trí chomhtháthú leis an **stair:** déan comparáid agus codarsnacht idir na modhanna iompair a úsáidtear sa lá atá inniu ann agus na modhanna a bhíodh ann fadó. Breathnaigh ar na bealaí a ghlacann an scoil chun dul chuig ionaid éagsúla nó chun dul chuig cluiche ar Pháirc an Chrócaigh. Ba chóir an trácht a chur san áireamh agus turas chuig Páirc an Chrócaigh á phleanáil. Ba chóir go gcuirfeadh na leanáí an té a eagraíonn an turas san áireamh. Beidh deis ag na leanáí i bpáirt 2 de chuid OSIE an DVD breathnú ar na modhanna iompair a bhí ag daoine chun dul chuig cluichí CLG i 1948.
2. Breathnaigh ar na modhanna iompair a úsáideadh agus ar an mbealach a tógadh chuig cluiche ina raibh foireann an chontae ag imirt. Cad iad na contaetha a mbeifí ag dul tríothu ar thuras chuig Páirc an Chrócaigh, Staid Semple, Páirc Thuama, Cluain Eois etc.? Marcáil na contaetha seo ar léarscáil na hÉireann.

## Ceacht 4:

**Snáithe:** Imshaoil Daonna (Daoine agus Críocha Eile).

**Aidhm:** Breathnaigh ar na clubanna agus na gníomhaíochtaí CLG atá i dtíortha eile.

**Acmhainní:** **Bileog Oibre 5C & 5D**, DVD Tall Dark and Ó hAilpín.

### Gníomhaíochtaí a Mholtar:

1. Taobh amuigh den tír faoi láthair, cuirtear an-suim sa CLG. Meastar go n-imríonn 30,000 duine fásta agus 7,000 duine óg iománaíocht agus peil le 350 club taobh amuigh den tír. Tá nasc idir boird chontae agus clubanna ar fud an domhain anois agus tá cláir forbartha cluichí ar fáil sna Stáit Aontaithe, san Astráil, sa Nua Shéalainn, i gCeanada, san Áise agus san Eoraip.
2. D'fhéadfaí an ceacht seo a chomhtháthú leis an stair, bunaithe ar chás na n-imirceach as Éirinn.
3. Tá leagan níos giorra den chlár 'Tall, Dark and Ó hAilpín' le fáil ar an DVD faoin gcúairt a thug Seán Óg Ó hAilpín ar Fidsí, áit ar chaith sé a óige. D'fhéadfaí é seo a úsáid chun plé a dhéanamh ar leanáí a bheith ag teacht ó thíortha éagsúla chun na tíre seo agus cluichí Gaelacha á n-imirt acu. D'fhéadfaí **Bileog Oibre 5C** a úsáid sa cheacht seo.
4. Déantar cur síos i **mBileog Oibre 5D** ar bhuachaill i Meiriceá, Kennedy John Patrick McGuigan a imríonn iománaíocht do chlub iománaíochta in Milwaukee sna Stáit Aontaithe.



## Ceacht 5:

**Snáithe:** Léarscáileanna, Cruinneoga agus Scileanna Grafacha.

**Aidhmeanna:** 1) Go mbeadh eolas ag na daltaí ar léarscáileanna agus ar ghrianghraif ar scálaí éagsúla agus conas iad úsáid.

2) Léarscáileanna simplí den scoil agus den cheantar timpeall ar an scoil a tharraingt.

**Acmhainní:** **Bileog Oibre 5E.**

### Gníomhaíochtaí a Mholtar:

1. Bain úsáid as **Bileog Oibre 5E** chun tábhacht léarscáileanna a léiriú. Pléigh an úsáid a bhainfí as an léarscáil de Pháirc an Chrócaigh.
2. Trí rólaithris, d'fhéadfadh na leanáí léarscáileanna a úsáid chun treoracha chuig Páirc an Chrócaigh a thabhairt.
3. Pléigh na háiteanna tábhachtacha sa cheantar agus faigh treoracha ó na daltaí chuig suímh éagsúla e.g. an scoil, an pháirc áitiúil CLG, an séipéal etc.
4. Agus iad ag obair i ngrúpaí, abair leis na leanáí léarscáileanna simplí a tharraingt de na suímh seo.

